

Treoir dóibh siúd a dhíolann Táirgí Tobac

Ón 1 Iúil 2009, rachaidh athruithe ar an reachtaíocht i bhfeidhm orthu siúd go léir a dhíolann táirgí tobac leis an bpobal.

Na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac)



Clár an ábhair

Brollach	3
Cosc ar Fhógraíocht ag an Díolphointe	5
Coimeádán Dúnta	6
Soláthar Eolais ar Tháirgí	7
Comhartha Miondíola	8
Díolmheaisíní Féinseirbhíse	9
Clár na Miondíoltóirí Táirgí Tobac	10
Forfheidhmiú agus Pionóis	12
Cosaint Sonraí/Saoráil Faisnéise	13

An Oifig um Rialú Tobac
Teach na Sailí
Páirc na Mílaoise
An Nás
Co. Chill Dara
Éire

Líne eolais íosghlao: 1890 333 100
Ríomhphost: info@otc.ie
Láithreán Gréasáin: www.otc.ie

© Bealtaine 2009

An Roinn Sláinte agus Leanaí
Teach Hawkins
Sráid Hawkins
Baile Átha Cliath 2

Teil: 01 635 4000
Ríomhphost: tobacco@health.gov.ie
Láithreán Gréasáin: www.dohc.ie

Brollach

I Samhain 1999, d'fhoilsigh Comhchoiste an Oireachtais um Shláinte agus Leanaí *Straitéis Náisiúnta in aghaidh Caitheamh Tobac* - Tuarascáil faoi Shláinte agus Caitheamh Tobac a mhol go nglacfaí le straitéis náisiúnta in aghaidh caitheamh tobac.

Mar fhreagra air sin, bunaíodh an Grúpa Athbhreithnithe um Bheartas Saor ó Thobac chun athbhreithniú bunúsach a dhéanamh ar shláinte agus tobac agus chun moltaí a thabhairt don Aire Sláinte agus Leanaí. Foilsíodh a dtuarascáil I dTreo Sochaí Saor ó Thobac in 2000 agus glacadh leis mar bheartas Rialtais.

I gcoinne an chúlra sin, tugadh isteach an tionscnamh Saor ó Thobac san Ionad Oibre cúig bliana ó sin (29 Márta 2004). Is é príomhchuspóir an bhearta sin na sláinte oibrithe agus an phobail a chosaint ó dheatach tobac tocsaineach sa timpeallacht.

Bíonn caitheamh tobac mar shiocair báis roimh am ag breis is 6,500 Éireannach gach bliain. Éiríonn na mílte eile tinn de bharr galair a bhaineann le tobac. Is é cuspóir na mbeart atá á dtabhairt isteach anois ná an pobal a chosaint ó fhógraíocht a fhéachann le rud normálta a dhéanamh de tháirgí tobac, i measc daoine óga go háirithe. Freisin má chuirtear deireadh le fógraíocht tabharfar tacaíocht d'aoisigh atá ag iarraidh éirí as tobac.

Léirítear i dtaighde go bhfuil fógraíocht tobac ina príomhfhachtóir maidir le duine óg ag tosú agus ag leanúint air ag caitheamh tobac. Tá ról ann féin ag suíomh feiceálach na dtaispeántas tobac in asraoin mhiondíola, ó thaobh caitheamh tobac a chur chun cinn. Má chuirtear tobac in aice le hearraí laethúla an tomhaltóra, mar nuachtáin agus milseáin, ansin feictear tobac díreach mar tháirge neamhurchóideach eile don tomhaltóir. Léiríodh i dtaighde gur thosaigh 78% de chaiteoirí Éireannacha ag caitheamh tobac sular shroich siad 18 mbliana, cruthaíonn sé sin gur leanaí agus déagóirí is mó a thosaíonn ag caitheamh tobac. Más féidir an cinneadh tobac a chaitheamh nó gan a chaitheamh a chur siar go mbeidh an duine fásta suas, is féidir laghdú mór a dhéanamh thar am, ar an líon daoine a éireoidh andúilmhear i dtobac agus a mbeidh tinnis bainteach le caitheamh tobac orthu.

Feidhm a Thabhairt d'Fhorálacha Breise na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac)

Ón 1 Iúil 2009:

1. Ní cheadófar táirgí tobac a fhógairt ná a thaispeáint in áitreabh miondíola a dhíolann táirgí tobac;
2. Ní mór do mhiondíoltóirí a chinntiú go gcoimeádfar a gcuid táirgí tobac as radharc, laistigh de choimeádán nó dáileoir dúnta nach mbeidh ach an miondíoltóir agus na baill foirne miondíola in ann rochtain a fháil air;
3. Féadann an miondíoltóir liosta pictiúrtha (de réir na Rialachán) a úsáid chun ball den phobal atá 18 mbliana d'aois agus níos sine a bhfuil sé rún aige/aici táirge tobac a cheannach a chur ar an eolas faoi na táirgí tobac atá ar fáil;
4. Ní mór do mhiondíoltóirí comhartha a thaispeáint ag a n-áitreabh ag cur in iúl don phobal gur féidir táirgí tobac a dhíol ag an áitreabh sin le daoine atá os cionn 18 mbliana d'aois;
5. Tá cosc ar dhíolmheaisíní féinseirbhíse ach amháin in áitreabh ceadúnaithe agus i gclubanna cláraithe agus ní mór iad a oibriú de réir na Rialachán;
6. Ní mór do gach miondíoltóir táirgí tobac clárú leis an Oifig um Rialú Tobac.

Doiciméad Treorach

Is í aidhm an fhoilseacháin seo ná treoir a chur ar fáil do mhiondíoltóirí táirgí tobac, lena n-áirítear siopaí, áitribh cheadúnaithe agus clubanna cláraithe, maidir leis na bearta a bheidh á dtabhairt isteach ar 1 Iúil 2009.

Toisc gurb iad na Cúirteanna a bhfuil dualgas orthu an dlí a léirmhíniú, tá an treoir seo ceaptha chun eolas ginearálta a sholáthar ar reachtaíocht i leith rialú tobac agus níor cheart í a thuiscint mar chomhairle dlí. Ní dhéanann sé dochar d'aon oibleagáidí faoin dlí coiriúil ná faoin dlí sibhialta.

Moltar do mhiondíoltóirí fógra a thabhairt don OTC (líne eolais íosghlao 1890 333 100) agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (tríd a n-oifig Seirbhísí Sláinte Comhshaoil ina gceantar áitiúil) le haghaidh tuilleadh eolais.

Cosc ar Fhógraíocht ag an Díolphointe

Reachtaíocht Ábhartha

Cuireann Alt 33A de na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac), 2002 agus 2004, cosc ar fhógraíocht ar gach táirge tobac in áitribh mhiondíola ina ndíoltar táirgí tobac.

Cad a chiallaíonn sé sin i mo chása?

- ⊙ Ní cheadófar aon fhógraíocht maidir le tobac ar d'áitreabh. Áirítear leis sin taispeáint tobac lasmuigh agus laistigh agus comharthaí fógraíochta.
- ⊙ Ní cheadófar aon fhógraíocht maidir le tobac timpeall an choimeádáin dhúnta nó an dáileora ina stóráiltear an táirge tobac ná ar aghaidh an choimeádáin nó an dáileora. Áirítear leis sin an fhógraíocht go léir nó ábhar tionscnaimh do tháirgí tobac atá sa stór. Ní cheadaítear mar shampla droichid soilsithe (painéil mhaisiúla a bhfuil cúlshoilse orthu a thaispeánann brandaí áirithe de tháirgí tobac), soilsiú tionscnaimh, cloig, mataí sóinseála, mataí luiche, clúdaigh tille, aistreoga, pinn, guagadáin ná nithe a bhíonn ag luascadh.
- ⊙ Níl cead táirgí tobac ná macasamhla de tháirgí tobac a thaispeáint.
- ⊙ Ní mór na táirgí tobac go léir a choimeád as radharc, laistigh de choimeádán nó dáileoir dúnta nach mbeidh ach amháin an miondíoltóir agus na baill foirne miondíola in ann rochtain a fháil air.
- ⊙ Fágfar faoin miondíoltóir tobac agus eisean amháin cinneadh a dhéanamh maidir le:
 - Conas a thógtar táirgí tobac as radharc; agus
 - Cén coimeádán dúnta ina stóráiltear iad.
- ⊙ Is é an miondíoltóir atá freagrach as socrú cá gcuirtear an dáileoir nó an coimeádán dúnta. **Níl sé riachtanach go mbeadh sé faoin gcuntar.**
- ⊙ Ní gá ach an táirge tobac a choimeád as radharc. Is féidir an coimeádán dúnta a bheith le feiceáil.
- ⊙ Tá cosc ar dhíolmheaisíní féinseirbhíse, ach amháin i gclubanna cláraithe² agus in áitribh cheadúnaithe³. Ní mór freisin go mbeidís saor ó gach fógraíocht a bhaineann le tobac.
- ⊙ Ní féidir trádmarcanna táirgí tobac, suaitheantais, íomhánna ná suaitheantais mhargaíochta a thaispeáint ar aistreoga/cnaipí roghnúcháin do mheaisíní dailte ná díolmheaisíní féinseirbhíse ach amháin má tá siad as radharc an chustaiméara.

Ón 1 Iúil 2009 ní cheadófar táirgí tobac a fhógairt ná a thaispeáint.

1 Ciallaíonn 'táirge tobac' aon táirge atá déanta, go hiomlán nó i bpáirt, as tobac, atá ceaptha le caitheamh, agus aon pháipéar, feadán nó scagaire toitín a rinneadh le húsáid i gcaitheamh tobac. (An tAcht Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 arna leasú).

2 Is éard atá i 'gclub cláraithe' ná áitreabh a cláraíodh faoin Register of Clubs Act 1904 go 2008.

3 Ciallaíonn 'áitreabh cheadúnaithe' áitreabh ar a dheonaigh an chúirt Chuarda nó Dúiche ceadúnas ina leith chun deochanna meisciúla a dhíol faoin Acht Deochanna Meisciúla 2008.

Coimeádán Dúnta

Reachtaíocht Ábhartha

Foráiltear le hAlt 43(3) de na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac), 2002 agus 2004, nach mór do dhuine atá cláraithe leis an Oifig um Rialú Tobac faoi Alt 37 cinntiú go gcoimeádfar na táirgí tobac go léir a dhíoltar i gcoimeádán nó i ndáileoir dúnta nach mbeidh infheicthe nó inrochtana don phobal.

Cad a chiallaíonn sé sin i mo chása?

- ⊙ Ní mór do dhuine atá cláraithe leis an Oifig um Rialú Tobac faoi Alt 37 cinntiú go mbeidh na táirgí tobac go léir as radharc agus á stóráil laistigh de choimeádán nó dáileoir dúnta nach mbeidh inrochtana ach don mhiondíoltóir agus do na baill foirne miondíola agus dóibh sin amháin.
- ⊙ Ní gá ach an táirge tobac a choimeád as radharc. Is féidir an coimeádán dúnta nó an dáileoir a bheith le feiceáil.
- ⊙ Is é an miondíoltóir atá freagrach as socrú cá gcuirtear an dáileoir nó an coimeádán dúnta. **Níl sé riachtanach go mbeadh sé faoin gcuntar.**
- ⊙ Ní féidir trádmharcanna táirgí tobac, suaitheantais, íomhánna ná suaitheantais mhargaíochta a thaispeáint ar aistreoga/cnaipí roghnúcháin do mheaisíní dáilte ach amháin má tá siad as radharc an chustaiméara.
- ⊙ Ní cheadófar aon fhógraíocht maidir le tobac timpeall an choimeádáin dhúnta nó an dáileora ina stóráiltear an táirge tobac ná ar aghaidh an choimeádáin dhúnta nó an dáileora.
- ⊙ Ní mór an uimhir/na huimhreacha cláraithe a d'eisigh an OTC, a ghreamú den choimeádán/na coimeádáin dúnta nó de na dáileoirí, tar éis clárúcháin. (*Féach leathanach 10, Clár na Miondíoltóirí Táirgí Tobac*).

Ní mór go mbeadh táirgí tobac as radharc agus á stóráil laistigh de choimeádán nó dáileoir dúnta sna háitribh chláraithe go léir.

Soláthar Eolais ar Tháirgí

Reachtaíocht Ábhartha

Foráiltear le hAlt 43(5) de na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 agus 2004, go bhféadann duine atá cláraithe leis an Oifig um Rialú Tobac faoi Alt 37 eolas a sholáthar do bhall den phobal a bhfuil sé ar intinn aige/aici táirge tobac a cheannach de réir na Rialachán.

Leagann na Rialacháin Sláinte Poiblí (Tobac) (Eolas Táirgí) 2009, (I.R. Uimh. 123 de 2009) amach an t-eolas is féidir le miondíoltóirí a chur ar fáil do chustaiméir atá 18 mbliana d'aois agus níos sine a chuireann ceist faoi na táirgí tobac atá ar fáil le ceannach.

Cad a chiallaíonn sé sin i mo chása?

- ⊙ Féadann miondíoltóirí na rudaí seo a leanas a **thaispeáint** do chustaiméir a bhfuil sé ar intinn aige/aici táirgí tobac a cheannach:
 - Aon phaicéad amháin de gach táirge tobac a dhíoltar nó macasamhail de sin; nó
 - Liosta pictiúrtha atá comhdhéanta d'íomhánna físe de na paicéid táirgí tobac atá á ndíol aige/aici, ar choinníoll:
 - (i) Nach bhfuil gach íomhá den sórt sin níos mó ná méid an phaicéid atá i gceist;
 - (ii) Nach bhfuil níos mó ná aon íomhá amháin den táirge céanna ar an liosta;
 - (iii) The list or each such image contains one of the mandatory health warnings⁴.
- ⊙ Ní féidir ach aon íomhá amháin de gach leagan branda nó méid paca a áireamh.
- ⊙ Níl cead táirgí tobac ná macasamhla de tháirgí tobac a thaispeáint.
- ⊙ Níl cead liosta pictiúrtha chun custaiméirí a chur ar an eolas faoi na táirgí tobac a dhíoltar a fhágáil ar thaispeáint.
- ⊙ Tá liostaí ar leithligh do chineálacha éagsúla táirgí tobac agus stoc díolmheaisín féinseirbhíse ceadaithe.

Níl cead liosta pictiúrtha chun custaiméirí a chur ar an eolas faoi na táirgí tobac a dhíoltar a fhágáil ar thaispeáint.

4. Tá na rabhaidh leagtha amach i gcolún 2 de Chuid 1 de Sceideal 1 do Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Monarú, Cur i láthair agus Díol Táirgí Tobac) 2003

Comhartha Miondíola

Reachtaíocht Ábhartha

Foráiltear le hAlt 43(4) den Acht Sláinte Poiblí (Tobac), 2002 agus 2004, nach mór do dhuine atá cláraithe leis an Oifig um Rialú Tobac faoi Alt 37 comhartha a thaispeáint ag áitreabh ina ndíoltar táirgí tobac

Tá an comhartha forordaithe sna Rialacháin Sláinte Poiblí (Tobac) (Comhartha Miondíola) (I.R. Uimh. 57 de 2009).

Cad a chiallaíonn sé sin i mo chása?

- ⊙ Ní mór do dhuine atá cláraithe leis an OTC an comhartha forordaithe a thaispeáint ag a n-áitreabh.
- ⊙ Ní cheadófar ach aon chomhartha amháin in aghaidh an áitribh.
- ⊙ Ní tharraingeofar aird ar an gcomhartha trí mheán solais, fuaime ná trí aon bhealach eile.
- ⊙ Níl aon chomhartha, fógra ná taispeáint eile a thugann le fios go bhfuil táirgí tobac le díol ceadaithe ag an áitreabh, ach amháin chun críocha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ceanglais Praghsanna Táirgí a Chur in Iúl) 2002 (I.R. Uimh. 639 de 2002).
- ⊙ Tá an comhartha forordaithe ceangailte leis an leagan priontáilte den doiciméad seo agus is féidir é a bhaint de tríd an imeall bréifneach a stróiceadh.
- ⊙ Tá an comhartha forordaithe ar fáil le híoslódáil ó **www.dohc.ie/tobacco** nó **www.otc.ie**. Ní mór an comhartha íoslódáilte a phriontáil ar pháipéar nó ar chairtchlár bán agus ní mór go dtiocfadh sé le toisí, dath cló-aghaidhe, clófhoireann agus méid pointe an chomhartha atá forordaithe sna Rialacháin (I.R. Uimh. 57 de 2009).
- ⊙ Beidh d'uimhir mhiondíola ar fáil nuair a bheid tú cláraithe ag an OTC. (*Féach lch. 10, Clár na Miondíoltóirí Táirgí Tobac*).

Ní mór do gach áitreabh cláraithe comhartha a thaispeáint ag cur in iúl don phobal gur féidir táirgí tobac a dhíol leo siúd atá 18 mbliana d'aois agus níos sine.

Díolmheaisíní Féinseirbhíse

Reachtaíocht Ábhartha

Cuireann Alt 43(1) de na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 agus 2004, cosc ar tháirgí tobac a dhíol trí mhiondíol trí mheán féinseirbhíse. Foráiltear le hAlt 43(2) de na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac), 2002 agus 2004, gur féidir táirgí tobac a dhíol trí mheán díolmheaisín ar áitreabh cláraithe nó ar áitreabh club cláraithe, de réir na Rialachán.

Rialaíonn na Rialacháin Sláinte Poiblí (Tobac) (Díolmheaisíní Féinseirbhíse) (I.R. Uimh. 42 de 2009), díolachán táirgí tobac trí mheán féinseirbhíse in áitribh chláráithe nó i gclubanna cláraithe.

Cad a chiallaíonn sé sin i mo chása?

- ⊙ Tá cosc ar dhíolmheaisíní féinseirbhíse, ach amháin i gclubanna cláraithe agus in áitribh cheadúnaithe.
- ⊙ Ní mór díolmheaisíní féinseirbhíse a chur taobh leis an gcuid sin den áitreabh cláraithe nó club cláraithe a mbíonn ball foirne ag freastal air de ghnáth nó gar dó.
- ⊙ Freisin ní mór díolmheaisíní féinseirbhíse a chur laistigh de líne amhairc ball foirne i gcónaí.
- ⊙ Ní mór díolmheaisíní féinseirbhíse a chur i ngníomh trí mheán diosca nó cárta a gheofar ó bhall foirne nó trí aon fheiste a bheidh á rialú ag ball foirne.
- ⊙ Ní fhéadann custaiméir táirge tobac a cheannach ó dhíolmheaisín féinseirbhíse gan diosca nó cárta a fháil ar dtús ó bhall foirne. Úsáidtear an diosca nó an cárta ansin chun an díolmheaisín a chur i ngníomh. Freisin ní mór don chustaiméir airgead a chur isteach chun an t-idirbheart a chríochnú.
- ⊙ Ní bheidh cead ag an mball foirne diosca ná cárta a chur ar fáil chun díolmheaisín féinseirbhíse a chur i ngníomh, ná an meaisín a chur i ngníomh trí mheán feiste, ach má tá siad cinnte go bhfuil an ceannaitheoir 18 mbliana d'aois.
- ⊙ Ní mór go mbeadh díolmheaisíní féinseirbhíse saor ó gach fógraíocht bainteach le tobac.
- ⊙ Ní féidir trádmarcanna táirgí tobac, suaitheantais, íomhánna ná suaitheantais mhargaíochta a thaispeáint ar aistreoga/cnaipí roghnúcháin do dhíolmheaisíní féinseirbhíse.
- ⊙ Ní mór an uimhir/na huimhreacha clárúcháin, a d'eisigh an OTC, a ghreamú den díolmheaisín/na díolmheaisíní féinseirbhíse tar éis clárúcháin. (Féach leathanac, *Clár na Miondíoltóirí Táirgí Tobac*).

Tá cosc ar dhíolmheaisíní féinseirbhíse ach amháin in áitribh cheadúnaithe agus i gclubanna cláraithe.

5. Is éard atá i 'gclub cláraithe' ná áitreabh a cláraíodh faoin Register of Clubs Act 1904 go 2008.

6. Chiallaíonn 'áitreabh cheadúnaithe' áitreabh ar a dheonaigh an chúirt Chuarda nó Dúiche ceadúnas ina leith chun deochanna meisciúla a dhíol faoin Acht Deochanna Meisciúla 2008.

Clár na Miondíoltóirí Táirgí Tobac



Reachtaíocht Ábhartha

Foráiltear le hAlt 37 de na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 agus 2004, go mbunódh agus go gcoimeádfadh an Oifig um Rialú Tobac clár de na daoine go léir a bhfuil sé mar chúram orthu táirgí tobac trí mhiondíol a dhíol go hiomlán nó i bpáirt.

Ceadaíonn na Rialacháin Sláinte Poiblí (Tobac) (Clárú) 2009 don Oifig um Rialú Tobac an t-eolas a bhailiú atá riachtanach chun an Clár a bhunú agus a choimeád.

Cad a chiallaíonn sé sin i mo chása?

Má tá táirge tobac á dhíol agat trí mhiondíol nó má tá sé ar intinn agat é a dhíol bíodh is go ndíolfar thar an gcuntar nó ó dhíolmheaisín féinseirbhíse é ní mór duit clárú leis an OTC.

- ⊙ Ní mór do gach miondíoltóir a dteastaíonn uathu táirgí tobac a dhíol clárú leis an OTC.
- ⊙ I gcás duine a bhfuil sé ar intinn acu tosú ag díol táirgí tobac trí mhiondíol ó 1 Iúil 2009 ní mór dóibh clárú leis an OTC sula mbeidh cead acu táirgí tobac a dhíol.
- ⊙ Ní mór do dhuine a bhfuil táirgí tobac á ndíol acu trí mhiondíol roimh 1 Iúil 2009 iarratas a dhéanamh chun clárú leis an OTC idir 1 Iúil agus 1 Deireadh Fómhair 2009.
- ⊙ Maidir le díolmheaisíní féinseirbhíse ní mór d'úinéir an díolmheaisín/na ndíolmheaisíní féinseirbhíse

agus don sealbhóir ceadúnais chun alcól a dhíol ar áitreabh ceadúnaithe nó duine atá iontráilte i gclár na gclubanna mar oifigeach ar choiste bainistíochta nó comhlacht rialaithe (club cláraithe) ina bhfuil an meaisín, ní mór don **bheirt** acu clárú. **Ní féidir táirgí tobac a dhíol ach amháin nuair a bhíonn an bheirt pháirtithe cláraithe agus iad curtha ar an gclár.**

- ⊙ Ní mór an uimhir/na huimhreacha cláraithe a d'eisigh an OTC, a ghreamú den choimeádán/na coimeádáin dúnta nó an díolmheaisín/na díolmheaisíní féinseirbhíse tar éis clárúcháin.
- ⊙ Chun an clár a choimeád suas le dáta ceanglaítear ort fógra a thabhairt don OTC faoi aon athrú ar shonraí. Is féidir iad sin a chur isteach ar líne trí uimhir pin uathúil a úsáid a eiseofar tar éis clárúcháin.

Ní mór do gach miondíoltóir a dteastaíonn uathu táirgí tobac a dhíol clárú leis an OTC.

Conas a Chláraítear?

Féadann miondíoltóirí clárú ar líne nó trí fhoirm iarratais priontáilte. Beidh an áis idirlín ar fáil ó 1 Iúil 2009 ag www.tobaccoregister.ie.

Beidh cóipeanna priontáilte den fhoirm iarratais ar fáil ar líne trí www.tobaccoregister.ie nó www.otc.ie. Nó is féidir cóipeanna a lorg trí líne eolais íosghlao an OTC 1890 333 100. Ina theannta sin, beidh foirmeacha iarratais priontáilte ar fáil ó oifig Seirbhísí Sláinte Comhshaoil FSS i do cheantar féin.

Táille Clárúcháin

- ⊙ Ní mór do gach iarratasóir táille clárúcháin €50 a íoc leis an OTC.
- ⊙ Áit a mbeidh níos mó ná aon áitreabh amháin nó níos mó ná aon díolmheaisín féinseirbhíse amháin á gclárú ag iarratasóir beidh táille iarratais amháin de €50 iníoctha.
- ⊙ Is féidir íocaíocht a dhéanamh trí chárta creidmheasa, cárta léasair, ordú poist agus trí sheic. Beidh íocaíochtaí ar líne criptithe ag SSL.

Duine a Bhaint den Chlár

- ⊙ Bainfear duine atá cláraithe leis an OTC agus a chiontófar as cion faoi na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac), 2002 agus 2004, den chlár ar feadh tréimhse ama a shocróidh an Chúirt.
- ⊙ Má tá níos mó ná aon áitreabh amháin cláraithe ag an duine, ní bhainfear ach an t-áitreabh a mbaineann an ciontú leis den Chlár.
- ⊙ Ní bheidh cead táirgí tobac a dhíol ón áitreabh a mbaineann an ciontú leis ar feadh tréimhse ama a shocróidh an Chúirt.
- ⊙ Tar éis na tréimhse sin, beidh ar mhiondíoltóirí a dteastaíonn uathu tosú ag díol táirgí tobac arís iarratas agus táille clárúcháin nua a chur faoi bhráid an OTC.

Forfheidhmiú agus Pionóis

Is iad Oifigigh Shláinte Comhshaoil Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte atá freagrach as an reachtaíocht a fhorfheidhmiú.

Tá pionóis as cionta faoi na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) leagtha amach in Alt 5 den Acht Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 arna leasú. Ina theannta sin, má chiontaítear duine as cion, bainfear an t-áitreabh a mbaineann an ciontú leis de chlár na miondíoltóirí ar feadh tréimhse a shocróidh an Chúirt. Ní bheidh cead táirgí tobac a dhíol ón áitreabh le linn na tréimhse sin.

Cosaint Sonraí

Tá meas iomlán ag an Oifig um Rialú Tobac ar do cheart chun príobháideachais. Caithfear le haon sonraí pearsanta a bhaineann le hiarratasóir um chlárú miondíola de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 (agus aon reachtaíocht leasaitheach nó ionadach).

Ní úsáidfear d'eolas pearsanta ach amháin chun na críocha ar cuireadh ar fáil dóibh é, mar shampla chun seiceálacha nó ceangaltais rialála a dhéanamh nó chun cloí le próiseas dlí.

Tá tú i dteideal rochtain a fháil ar fhaisnéis atá i seilbh na hOifige um Rialú Tobac maidir leat féin agus féadann tú sin a dhéanamh trí iarratas a dhéanamh i scríbhinn chuig an Oifig um Rialú Tobac. Coimeádaimid an ceart táille riaracháin réasúnta a ghearradh as gach iarratas ar rochtain. Táimid i dteideal céimeanna réasúnta a ghlacadh chun d'aitheantas a dhéanamh amach maidir le haon iarratas ar leasú, rochtain nó scriosadh agus féadaimid, dá rogha féin, cruthúnas aitheantais, d'uimhir PIN nó doiciméid nó eolas aitheantais eile a lorg.

Saoráil Faisnéise

Tá an Oifig um Rialú Tobac forordaithe mar 'Chomhlacht Poiblí' laistigh de bhrí na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003, de bhun Ionstraim Reachtuil 297 de 2006. De bhun fhorálacha na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise, d'fhéadfadh go mbeadh faisnéis áirithe a cuireadh ar fáil don Oifig um Rialú Tobac ina hábhar d'iarratas um Shaoráil Faisnéise. Níl cead faisnéis phearsanta maidir le daoine aonair inaitheanta a nochtadh faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise seachas don duine atá i gceist ach amháin faoi chúinsí teoranta a fhoráiltear sa reachtaíocht.

nótaí:

Tobac ar díol anseo

**leo siúd atá ocht
mbliana déag d'aois
nó níos sine**

**Tobacco products
on sale here**

**to persons aged 18
years and over**

Name & Address of Premises:

Retail Register No:

An Oifig um Rialú Tobac
Teach na Sailí
Páirc na Mílaoise
An Nás
Co. Chill Dara
Éire

Líne eolais íosghlao: 1890 333 100
Ríomhphost: info@otc.ie
Láithreán Gréasáin: www.otc.ie

© Bealtaine 2009

An Roinn Sláinte agus Leanaí
Teach Hawkins
Sráid Hawkins
Baile Átha Cliath 2

Teil: 01 635 4000
Ríomhphost: tobacco@health.gov.ie
Láithreán Gréasáin: www.dohc.ie